Cad é ba cheart dom a dhéanamh **má shílim gur bhuail taom croí duine?**

1 Tá ort a bheith ábalta a aithint nuair a bhuaileann taom croí duine. Bí ag faire amach do na comharthaí seo a leanas:

- Pian, míchompord, nó mothú dian sa chliabhrach nach n-imíonn. Seans go scaipfeadh an phian go dtí na sciatháin, an muineál, an giall, an droim nó an bolg.
- Gearranáil.
- D'fhéadfadh go mbeadh mearbhall, samhnas air (nó a bheith tinn).
- D'fhéadfadh go mbeadh sé ag cur allais agus cuma níos báine air ná mar a bhíonn de ghnáth.

2 Iarr air suí síos. Fan socair. Ná tabhair bia nó deoch don duine.

3 Cuir scairt ar **999** nó ar **112** le hotharcharr a fháil.